



## EOLAS DO THUISMITEOIRÍ

### SCOILBHLIAIN 2021/2022

Beidh an scoil ag oscailt agus scoláirí ar ais ag an scoil mar a leanas:

Luan 30 Lúnasa, 2021	Bliain 1	9:00-1:15
Máirt 31 Lúnasa, 2021	Bliain 1, 3, 6	9:00-1:15
Céadaoin 1 Meán Fómhair, 2021	Bliain 1, 2, 3, 4, 5, 6	8:50-3:20

### LEAGAN AMACH AN LÁ SCOILE

Féach clár ama an lá:

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine
8.50 – 9.00	Tionól				
9.00 – 9.40					
9.40 – 10.20					
10.20 – 11.00					
11.00 – 11.15	Sos				
11.15 – 11.55					
11.55 – 12.35					
12.35 – 1.15					
1.15 – 2.00	Lón (SCOLÁIRÍ AG DUL ABHAILE)				
2.00 – 2.40					
2.40 – 3.20					
3.20 – 4.00					

- Mar gheall ar an tréimhse suaithe seo atá againn mar thoradh ar nadúr géarchéime Coronvírus (Covid-19) agus chun folláine gach scoláire i gColáiste Ghobnait a dheimhniú beidh na scoláirí ag dul abhaile le lón.
- Beidh an scoil ag críochnú gach Luan agus Máirt ag 4:00i.n. agus ar an gCéadaoin, Déardaoin agus Aoine ag 3:20p.m.
- Tá sé fíor thábhachtach go mbíonn gach scoláire ar scoil do Thionól na Maidine ag 8:50a.m.

## TIONÓL GACH MAIDIN

Bíonn tionól gach maidin ó 8.50 – 9.00. Bíonn fógraí an lae déanta chomh maith le rolla. Bíonn deis ag scoláirí a nglór a chur chun cinn ag an tionól. Pléitear topaicí ar nós táscairí folláine, obair bhaile, torthaí foghlama, scrúduithe, measúnú, éachtaí agus duaiseanna a bhaineann scoláirí amach. Beidh ar gach scoláire freastal ar seo. Tá sé tábhachtach go mbeidh gach scoláire ag an tionól.

## LEABHAR LIOSTA AGUS DIALANN OBAIR BHAILE

Tá cóip don leabhair liosta agus na hábhair ranga atá ag teastáil don scoilbhliain iniata leis an litir seo. Beidh an dialann obair bhaile le fáil sa scoil ar chostas €12:00 do gach dalta. Níl an dialann seo ar fáil le ceannacht sna siopaí mar is ordú speisialta atá ann do Choláiste Ghobnait. Seolfar nasc ag do fón póca agus beidh tú in ann é a íoc ar líne, ar an gcóras *Way to Pay*.

## TORTHAÍ SCRÚDUITHE SEACHTAIN 30 – BLIAIN 1, 2, 4 & 5

Is féidir na torthaí a fháil ar: <https://colaisteghobnait.vsware.ie/Login.jsp>. Seoladh téacs le ainm úsáideora agus pasfhocal chuig gach Tuismitheoir. Déan teagmháil leis an scoil má tá deacracht agat na torthaí a fháil ar VS Ware.

## WAY TO PAY (<http://www.way2pay.org>)

Bí airdeallach – seo córas íocaíochta na scoile. Beidh gach rud le bheith íoctha ar líne. Seolfar téacs leis an íocaíocht a dhéanamh. Má bhíonn fadhb agat leis seo, seol ríomhphost chuig [way2payparents@three.ie](mailto:way2payparents@three.ie) nó cuir glaoch ar (061) 203355. Féach leathnach eolais.

## ÚSÁID MEÁIN SHÓISIALTA

Tá Coláiste Ghobnait ag baint úsáid as na meáin shóisialta chun an scoil a chur chun cinn. Is cinnte go bhfuil sé ag cur daoine ar an eolas faoi na himeachtaí ar fad atá ag tarlú sa scoil. Is féidir muid a leanacht ar an leathanach Facebook Coláiste Ghobnait, ar **Twitter** @ColGhob nó ar Instagram. Má tá do mhac/iníon páirteach in aon chomórtas bá bhréa linn cloisteáil uait.

## ÉIDE SCOILE

Tá sé riachtanach go mbeadh éide scoile iomlán ar do mhac/iníon gach lá ina mbíonn siad ar scoil nó ar thuras scoile. Tá sé riachtanach go mbeidh éide spóirt á chaitheamh ag na scoláirí sna ranganna spóirt.

Seo a leanas liosta dÉide Scoile atá ar fáil ó *The School Wear Centre*, 091-755515, [shop@theschoolwearcentre.ie](mailto:shop@theschoolwearcentre.ie):

Sweatshirt le logo na Scoile ar fáil ón School Wear Centre

Polo shirt le logo na Scoile ar fáil ón School Wear Centre

Tracksuit dubh gan aon logo. Níl cead leggings

## AN POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

Beidh plean gníomhach i bhfeidhm don scoilbhliain 2021/2022. Tá síneadh ama bliain amháin tugtha chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

- An Polasaí don Oideachas Ghaeltacht 2017-2021: Tá an Polasaí ceaptha lena chinntiú go mbíonn eispéireas oideachais ardchaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do dhaoine óga sa Ghaeltacht. Tá na ranganna seo bunaithe ar Imlitir 0011/2020 ([https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0011\\_2020\\_ir.pdf](https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Gn%C3%ADomhacha/cl0011_2020_ir.pdf))

## CUMARSÁID

Cá dtéann tú, má tá fadhb/imní/ceist agat/Where do you go if you have a problem/you are worried/ you have a question:

- Dul chun cinn **acadúil** in **ábhar áirithe** nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/ *Academic progression in certain subjects or the approach to teaching and learning in that subject:*

Teagmháil Tosaigh <i>First point of contact</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>
Múinteoir an ábhair sin <i>Subject teacher</i>		Múinteoir Bliana <i>Year Head</i>		Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta <i>Special Needs Coordinator</i>		Príomhoide Tanáisteach <i>Vice-Principal</i>		Príomhoide <i>Principal</i>

- Dul chun cinn **acadúil go ginearálta**, nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/  
*General academic progression that is not confined to one subject in particular:*

Teagmháil Tosaigh <i>First point of contact</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>
Múinteoir Bliana <i>Year Head</i>		Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta <i>Special Needs Coordinator</i>		Príomhoide Tanáisteach <i>Vice-Principal</i>		Príomhoide <i>Principal</i>

- Dul chun cinn go ginearálta, maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/*General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems):*

Teagmháil Tosaigh <i>First point of contact</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>	⇒	Mura bhfuil Réiteach <i>If there is no resolution</i>
Múinteoir Bliana <i>Year Head</i>		Príomhoide Tanáisteach <i>Vice-Principal</i>		Príomhoide <i>Principal</i>

## MÚINTEOIRÍ RANGA – SCOILBHLIAIN 2021/2022

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga tríd glaoch ar an scoil nó rphost a sheoladh.

**Bliain 1** – Cathal Ó Conghaile ([cathal.oconghaile@gretb.ie](mailto:cathal.oconghaile@gretb.ie))

**Bliain 2** – Sharon Uí Dhomhnaill ([sharon.uidhomhnaill@gretb.ie](mailto:sharon.uidhomhnaill@gretb.ie))

**Bliain 3** – Cormac Ó Cadhain ([cormac.coyne@gretb.ie](mailto:cormac.coyne@gretb.ie))

**Bliain 4** – Barry Geraghty ([barry.geraghty@gretb.ie](mailto:barry.geraghty@gretb.ie))

**Bliain 5** – Éilis Uí Chatháin ([eilis.uichathain@gretb.ie](mailto:eilis.uichathain@gretb.ie))

**Bliain 6** – Éilis Uí Chatháin ([eilis.uichathain@gretb.ie](mailto:eilis.uichathain@gretb.ie))

## FMS – FÉIN MHEASTÓIREACHT SCOILE

Cabhraíonn an FMS le Coláiste Ghobnait tosaigh a ghlacadh le feabhas a chur ar chaighdeán an oideachais atá muid a chur ar fáil dá ndaltaí. Freisin cabhraíonn an FMS linn mar scoil aitheantas a thabhairt do na rudaí atá ag obair go maith agus freisin go gcabhraíonn sé linn réimsí a aithint atá le forbairt agus le feabhsú agus cabhraíonn an FMS linn tuairisciú a chur ar fáil do phobal na scoile faoi obair na scoile agus na tosaíochtaí atá le feabhsú agus le forbairt againn mar phobal scoile ar mhaith le leas ár ndaltaí.

Coláiste Ghobnait Ciorclán Uimhir: 0040/2020 i bhfeidhm don scoilbhliain 2021- 2022.

Rinne Coláiste Ghobnait é seo a leanas de réir an Ciorclán thuas: Próiseas na FMS a úsáid chun cabhrú linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thioctfaidh chun tosaigh le hathoscailt na scoileanna faoi threoir na seirbhíse sláinte poiblí. Ar na dúshláin sin, seans go mbeidh, mar shampla, gnéithe a bhaineann le heagrú ghnáthchúrsaí an lá scoile, folláine na ndaltaí agus na múinteoirí, athruithe (más gá) don churaclam 3 agus don mheasúnú agus athruithe sa teagasc, sa bhfoghlaim agus sna cleachtais mheasúnaithe



## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Tá an Teagasc agus Foghlaim ina phríoracht ag Coláiste Ghobnait. An chéad chloch ar ár bpaidrín ná deiseanna fiúntach foghlama a chur ar fáil chun foghlaim an scoláire a chur chun cinn agus a fhorbairt trí thascanna foghlaim atá neamhspleách, deiseanna foghlama atá comhoibríoch agus obair thionscadail agus eispéiris foghlama tarraingteacha eile.

Féach thíos cuid de na deiseanna fiúntacha foghlama atá ar fáil i gColáiste Ghobnait:

- An tSraith Shóiséarach – Gaeilge, Béarla, Fraincis, Mata, Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Adhmadóireacht, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín.
- An tSraith Shinséarach –Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Gairmthreoir, Tíreolaíocht/Gnó/Ealaín agus Foirgníocht/Tíos.
- OSSP (Gearrchúrsa) – Tá ranganna ar fáil le haghaidh bliain 1, 2 agus 3.
- OSPS (Gearrchúrsa) – Tá ranganna ar fáil le haghaidh bliain 1, 2 agus 3.
- Cluichí – Bíonn rang dubáilte cluichí ag gach scoláire.
- Gairmthreoir – Clár REACH le haghaidh bliain 4, 5 agus 6.
- Gairmthreoir – le haghaidh bliain 1, 2 agus 3.
- ). Beidh ranganna ar fáil do gach bliain.
- Taobh istigh i ngach ábhar, déanann na scoláirí obair thionscadail éagsúla faoi stiúr an mhúinteora.
- Freisin, glacann scoláirí na scoile páirt i go leor comórtais tríd an scoilbhliain.

## GLÓR AN SCOLÁIRE

Tá glór an scoláire lárnach i saol na scoile. Is breá linn glór an scoláire a chloisteáil. Ta deis agus fáilte roimh gach scoláire a nglór a chur chun cinn. Ta ionadaí ranga roghnaithe ag gach bliain lena nglór a chur chun cinn ar Chomhairle na Mic léinn. Bíonn seans ag na scoláirí machnamh agus aiseolas a thabhairt ar imeachtaí a fhreastalaíonn siad ar sa scoil. Déanann scoláirí cur i láthair uaireanta ag tionól na maidine.

## CRUINNIÚ TUISMITHEOIRÍ/MÚINTEOIRÍ

De barr srianta COVID -19 i mbliana, ní raibh cruinniú Tuismitheoirí/Múinteoirí againn ach bhí cumarsáide idir na múinteoirí agus Tuismitheoirí. Mar chuid den FMS maidir le tuairisciú agus cruinniú Tuismitheoirí/Múinteoirí, tá úsáid á bhaint as an dá chéim thíos:

Tuairisciú ar VS Ware – maidir le tuairisciú dul chun cinn an fhoghlaim.

- cén obair atá déanta ag an scoláire go dtí seo/cén topaic/ábhar a rinne an scoláire go maith ann?
- céard is féidir leis an scoláire a dhéanamh chun feabhas a chinntiú?

Chun go mbeidh tuiscint agus soiléireacht ag an Tuismitheoir maidir le foghlaim agus dul chun cinn a mac/iníon i ngach ábhar. Tá sé tábhachtach go spreagann Tuismitheoirí scoláirí maidir le cur chuige dearfach ina n-obair ranga agus obair bhaile.

## AN tSRAITH SHÓISEARACH

Tá na Curaclaim nua maidir leis an tSraith Shóisearach istigh i ngach ábhar, féach thíos teanga an tuairisciú maidir leis an tSraith Shóisearach. Beidh an teanga seo in úsáid ar thuairisciú VS Ware agus sna seomraí ranga.

Bíonn MRB – Measúnú Rang Bunaithe ar siúl ag bliain 2 agus 3. Seolann an múinteoir ábhar téacs maidir le dátaí chuig tuismitheoirí. Tá sé tábhachtach a bheith i láthair le haghaidh na dátaí seo.

Grád	Raon (%)
<b>Gradam</b>	≥90 go dtí 100
<b>Ardtuillteanas</b>	≥75 go dtí 90
<b>Tuillteanas</b>	≥55 go dtí 75
<b>Gnóthaithe</b>	≥40 go dtí 55
<b>Gnóthaithe go páirteach</b>	≥20 go dtí 40
<b>Neamhghrádaithe</b>	≥0 go dtí 20

### Tuairiscíní don Mheasúnú Rang-Bhunaithe

**Thar barr**

**Os cionn na nIonchais**

**Ag teacht le hIonchais**

**Ionchais le baint amach fós**

## PLEAN FREAGARtha COVID-19

Tá Plean Freagartha COVID-19 i bhfeidhm. An chloch is mó ar ár bpaidrín ná COVID-19 a sheachaint i bpobal na scoile. Moltar do scoláirí i gconaí fadú sóisialta a chleachtadh, agus a laghad teagmhála fisicúla agus is féidir a bheith acu lena chéile chun cuidiú le leathnú COVID-19 a sheachaint. Iarraim oraibh i gconaí a mac/ iníon a spreagadh chun cloí le srianta COVID -19.

## SEOMRA LEITHLISITHE NA SCOILE

Má tá scoláire tinn sa scoil beidh an scoláire le bailiú ón seomra leithlisithe. Féach an mapa.

